Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Preasráiteas

Ba mhaith le Comhairle Cathrach na Gaillimhe d'ionchur a fháil don chéad Phlean Gníomhaíochta Aeráide riamh sa Chathair

(27.07.2023) Ba mhaith le Comhairle Cathrach na Gaillimhe d'ionchur a fháil chun an chéad Phlean Gníomhaíochta Aeráide riamh don Chathair a chomhchruthú. Fáiltítear roimh bhaill an phobail, roimh ghrúpaí pobail agus gnó eolas a roinnt faoin tionchar atá ag an athrú aeráide ort agus ar na gníomhartha aeráide atá á ndéanamh agat cheana féin nó a mheasann tú a bhfuil tábhacht ag baint leo chun tacaíocht a fháil dóibh ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ó ghníomhaireachtaí rialtais eile. Cabhróidh d'aiseolas le Comhairle Cathrach na Gaillimhe gníomhartha a fhorbairt a chuirfear i bhfeidhm sna cúig bliana amach romhainn, chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú, agus chun seasmhacht Chathair na Gaillimhe a fheabhsú. Iarrtar aiseolas ar líne ag www.galwaycity.ie/plean-gniomhaiochta-aeraide nó tríd an bpost chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe, An Roinn um Athrú Aeráide, Halla na Cathrach, Halla an Choláiste, faoin 8ú Meán Fómhair 2023.

Sna míonna amach romhainn, beidh gach Údarás Áitiúil sa Tír, lena n-áirítear Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ag obair le pobail, gnólachtaí, ionadaithe poiblí, agus páirtithe leasmhara eile chun Plean Gníomhaíochta Aeráide a fhorbairt chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú faoi 51% faoi 2030, agus glan-nialais carbóin a bhaint amach faoi 2050.

Ag labhairt dó faoi sheoladh an chomhairliúcháin phoiblí tosaigh, dúirt Eddie Hoare, Méara Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ''Le linn m'óráide ag an gcruinniú ginearálta bliantúil thug mé chun suntais go bhfuil an tAthrú Aeráide ar cheann de na dúshláin is suntasaí do phobail uile Chathair na Gaillimhe. Mar sin féin, cuireann sé deiseanna ar fáil freisin do phobail agus gnólachtaí araon chun inbhuanaitheacht, bithéagsúlacht, agus taisteal gníomhach a chur chun cinn agus roghanna Aeráide a dhéanamh. Molaim do phobail agus do ghnólachtaí araon aighneacht a dhéanamh chun a insint dúinn

conas a bhraitheann siad faoin Athrú Aeráide, cad iad na constaicí maidir le gníomhú ar son na haeráide agus cad iad na hathruithe ar mhaith leo a fheiceáil ina gceantar.''

Ag labhairt di faoi sheoladh an chomhairliúcháin phoiblí tosaigh, dúirt Patricia Philbin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, "Ceanglaíonn an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú, 2021 ar gach Údarás Áitiúil a chéad Phlean Gníomhaíochta Aeráide Údaráis Áitiúil (LA CAP) a ullmhú faoi mhí Feabhra 2024. Is céim thábhachtach tosaigh é an comhairliúchán seo chun tús a chur le hidirphlé le muintir na Gaillimhe ionas go mbeidh gníomhaíocht aeráide agus seasmhacht ar thús cadhnaíochta inár gcathair maidir le gach rud a dhéanaimid. Agus sinn ag feiceáil tarluithe athaimsire ar nós tuilte agus tromaigh mhéadaithe in Éirinn, agus teochtaí ag sroicheadh na 40í thar lear i nDeisceart na hEorpa, tá Athrú Aeráide ag éirí an-dáiríre agus feiceálach. Cuireann na himeachtaí seo i gcuimhne dúinn go bhfuil freagracht orainn go léir ár n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú agus Roghanna Aeráide a dhéanamh – beidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun tosaigh sa bheart sin, ag obair i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí agus ár bpobail sa chathair.''

Tugann an suirbhé ar líne cuireadh do fhreagróirí aiseolas a roinnt ar théamaí tosaíochta agus ar réimsí gnímh agus tá sé ar fáil ag www.galwaycity.ie/plean-gniomhaiochta-aeraide. Fáiltítear freisin roimh aiseolas ar Phlean Gníomhaíochta Aeráide Chathair na Gaillimhe atá beartaithe tríd an bpost chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe, An Roinn um Athrú Aeráide, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh faoin 8ú Meán Fómhair 2023.

Chun tuilleadh a fháil amach faoin bhfáth nach mór pleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide a ullmhú le húdaráis áitiúla, téigh le do thoil chuig www.galwaycity.ie/plean-gniomhaiochta-aeraide

Críoch

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le do thoil le

Cumarsáid, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Guthán 091 536 400 communications@galwaycity.ie

Arlene Finn, Oifigeach Cumarsáide – 087 640 2887